AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 227 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Sualainne

{SWD(2025) 227 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Sualainne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an rialachais eacnamaíoch, rialachas a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.

Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais[3] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an tSualainn caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh ó thaobh cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 28 Bealtaine 2021, chuir an tSualainn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de

---

3 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

4 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

5 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne[6] a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 9 Samhain 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[7]. Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an tSualainn. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar an méid a rinneadh chun na clocha míle agus na spriocanna maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna a bhaint amach.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Sualainne[8]. Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2028 agus socraíonn sé srian buiséadach i bhfoirm uasráta fáis glanchaiteachais thar 4 bliana.

(6) An 26 Samhain 2024, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar shainaithin sé go bhfuil an tSualainn ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[9] an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne (ST 7772/2022; ST7772/2022 ADD1).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 9 Samhain 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne (ST 14474/2023).

8 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Sualainne, IO C/2025/644/, 10.2.2025.

9 Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj?eliuri=eli%3AC%3A2025%3A2782%3Aoj&locale=ga).)

mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme . Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme . Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha seo fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an tSualainn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSualainn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta an Sualainne a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an tSualainn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Sualainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(11) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an tSualainn. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Sualainne, ar measúnú é a

rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 13 Bealtaine 2025[10]. An 4 Meitheamh 2025 tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an tSualainn go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha aici. Go háirithe, tá leochaileachtaí a bhaineann lena margadh réadmhaoine agus lena hardfhiachas príobháideach fós ábhartha d'ainneoin roinnt maolaithe orthu le déanaí, agus tá na leochaileachtaí a sainaithníodh fós ann in éagmais gníomhaíocht dhaingean. D'ainneoin roinnt maolaithe, tá léamha fiachais teaghlaigh agus léamha fiachais corparáideach-OTI fós i measc na léamha is airde san Aontas, a fhad agus a bhí praghsanna tithe seasta i dtéarmaí ainmniúla cé go bhfuil siad fós ró-luacháilte. Mar thoradh ar dhálaí airgeadais níos doichte, tháinig laghdú ar thógáil tithíochta freisin agus cuireadh brú breise ar theaghlaigh agus ar chaiteachas gnó, agus tá an earnáil airgeadais fós neamhchosanta go mór ar earnáil an eastáit réadaigh, lena gcuimsítear réadmhaoin tráchtála. Is teoranta an dul chun cinn atá déanta ó thaobh beartais de. Bíonn socruithe beartais fós i bhfabhar tithe a fháil trí mhaoiniú fiachais, agus ganntanas soláthair tithíochta fós ann ag an am céanna. Leis an gcánachas, táthar fós ag dreasú úinéireacht tithe arna maoiniú ag fiachas trí in-asbhainteacht chánach shuntasach na n-íocaíochtaí úis ar mhorgáistí. Chuideodh bearta lena méadaítear an soláthar tithíochta amach anseo srian a chur le fás praghsanna tithe, ach ní hionann iad agus athchóirithe lena dtugtar aghaidh ar phríomhúdair an fhiachais teaghlaigh. Níl athchóiriú déanta ar an margadh cíosa go fóill. D'fhéadfadh na leochaileachtaí sin dul in olcas dá dtiocfadh borradh an athuair faoi éadáil tithíochta arna maoiniú ag fiachas agus ró-luacháil ar phraghsanna tithe, mar thoradh ar bhearta macrastuamachta a mhaolú, bearta ar cosúil atá á mbreithniú, anuas ar choinníollacha maoiniúcháin níos neamhurchóidí.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(12) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Sualainne: 4,0 % in 2025, 4,4 % in 2026, 4,4 % in 2027, agus 4,6 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 10,7 % in 2025, 15,5 % in 2026, 20,6 % in 2027, agus 26,1 % in 2028. An 30 Aibreán 2025, chuir an tSualainn a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn[11] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Sualainne i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún an clásal éalaithe náisiúnta den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh don gComhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025.

(14) Ar bhonn sonraí atá fíoraithe ag Eurostat[12], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Sualainne ó easnamh 0,8 % de OTI in 2023 go heasnamh 1,5 % in

[10] SWD(2025)124 final.

[11] Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn maidir le 2025 le fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga

[12] Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

2024, agus an tráth céanna, tháinig méadú ar an ollfhiachas rialtais ó 31,6 % de OTI ag deireadh 2023 go 33,5 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 6,1 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an tSualainn gurb é 6,1 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[13], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, ba staid fhioscach fhairsingiúcháin a bhí inti, 0,7 % de OTI, in 2024.

(15) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Sualainne, tá coinne le fíorfhás OTI 2,1 % in 2025, agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,1 % ann in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,1 % in 2025 agus faoi 1,9 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,2 % ann in 2025 agus 1,6 % in 2026.

(16) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 1,3 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas ollfhiachais rialtais-OTI le méadú go 34,3 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 4,1 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 1,5 % de OTI ann in 2025. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 1,7 % in 2025. An ráta fáis glanchaiteachais sin atá níos ísle i gcomparáid leis an ráta sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, tá sé ag teacht le réamh-mheastacháin éagsúla maidir le, *inter alia*, cúiteamh d'fhostaithe agus aistrithe sóisialta comhchineáil ag táirgeoirí margaidh. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí crapthach, 0,7 % de OTI, in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú go 33,8 % ar an gcóimheas ollfhiachais rialtais-OTI faoi dheireadh 2025.

(17) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta a dhéanann suas 0,1 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Sualainne.

(18) Rinne caiteachas cosanta rialtais ghinearálta sa tSualainn suas 1,3 % de OTI in 2021, 1,7 % de OTI in 2022 agus 1,8 % de OTI in 2023[14]. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go ndéanfaidh caiteachas ar an gcosaint suas 2,3 % de OTI in 2024 agus 2,5 % de OTI in 2025. Is ionann sin agus méadú 1,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

---

13 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

14 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

(19) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh fás glanchaiteachais 1,7 % ann sa tSualainn in 2025 agus fás carnach 7,9 % ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh fás glanchaiteachais na Sualainne in 2025 faoin uasráta fáis a mholtar, ar bhonn bliantúil agus nuair a mheastar 2024 agus 2025 le chéile.

(20) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 0,8 % de OTI in 2026. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 2,6 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh sí crapthach, 0,4 % de OTI, in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh laghdú go 33,3 % ar an gcóimheas ollfhiachais rialtais–OTI faoi dheireadh 2025.

Príomhdhúshláin bheartais

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Sualainne tríd an aistriú glas agus tríd an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(22) Sa tSualainn, tá dlús curtha le cur chun feidhme cláir an bheartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an tSualainn ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an tSualainn, ganntanais scileanna agus neamhréireanna scileanna, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh deis ann an fás réigiúnach a fheabhsú, agus riachtanais réigiúnacha a bhaineann leis an iomaíochas, aistriú fuinnimh agus athléimneacht uisce á gcur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an tSualainn – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025[15], cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun

[15] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha

measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leis freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh.

(23) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an tSualainn na tionscnaimh sin a úsáid chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshláin eile le sárú ag an tSualainn i ndáil leis an méid seo a leanas: (i) torthaí oideachais daltaí atá ag dul in olcas, go háirithe daltaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach; (ii) bearnaí scileanna, atá i bhfad níos suntasaí dóibh siúd ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach; (iii) ardleibhéil fiachais phríobháidigh mar aon le réadmhaoin ar cuireadh luach ró-ard uirthi; (iv) astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus (v) srianta tarchurtha agus toillte na heangaí cumhachta atá nasctha le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a laghdú.

(25) Léirítear le torthaí Chlár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí (PISA) go bhfuil an laghdú ar bhunscileanna daltaí Sualannacha ó 2018 i leith i measc na laghduithe is géire san Aontas, go háirithe sa mhatamaitic. Tá tearcghnóthachtáil sna bunscileanna an-ard i gcás daltaí a mbaineann cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach leo, agus tá an méadú ar thearcghnóthachtáil dóibh siúd a mbaineann cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste leo níos airde fós. Tá bearna shuntasach feidhmíochta ann freisin idir daltaí a rugadh sa tír agus daltaí a rugadh ar an gcoigríoch, agus is mó seans go gcuirtear daltaí a mbaineann cúlra imirceach leo le chéile i scoileanna áirithe. Déantar gannionadaíocht ar dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i scoileanna príobháideacha freisin, áit a mbíonn dóchúlacht níos airde ann go n-éireoidh le scoláirí breisoideachas a bhaint amach. In 2022, bhí torthaí ró-ísle nó neamhiomlána ag 15 % de dhaltaí agus an t-oideachas meánscoile sóisearach á chríochnú acu, rud a d'fhág nach raibh rochtain acu ar an oideachas meánscoile sinsearach. An ganntanas múinteoirí cáilithe atá ann faoi láthair, go háirithe i scoileanna ina bhfuil líon ard daltaí faoi mhíbhuntáiste, tá riosca do chaighdeán an chórais oideachais ag gabháil leis agus cuireann sé na torthaí oideachais atá ar meathlú cheana chun donais.

(26) Tá dúshláin fós le sárú ag an tSualainn maidir le daoine ó ghrúpaí leochaileacha, go háirithe daoine ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus cúlra imirceach, a imeascadh i margadh an tsaothair, agus na bearnaí scileanna atá fós ann a laghdú freisin. In 2023, bhí an ráta dífhostaíochta is airde san Aontas ag an tSualainn i gcomhair daoine a rugadh lasmuigh den Aontas, agus dá bharr sin, tá an bhearna idir na daoine sin a

---

chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

rugadh lasmuigh den Aontas agus Sualannaigh ó dhúchas fós an-ard. Maidir leis na daoine ó na grúpaí leochaileacha atá cláraithe mar dhaoine dífhostaithe, tá nach mór an leathchuid díobh gan oideachas meánscoile sinsearach agus níl na réamhriachtanais bhunúsacha ag cuid mhór acu chun post a fháil nó staidéar a dhéanamh, scileanna teanga san áireamh. Ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach oideachas meánscoile sinsearach a chríochnú chun post a fháil sa tSualainn, bheadh gá le bearta breise chun tacú le mic léinn atá ag tabhairt faoi oideachas meánscoile sinsearach, ardoideachas nó gairmoideachas agus gairmoiliúint. Chuideodh sé sin le soláthar lucht saothair oilte a mhéadú chun tacú le cúrsaí fostaíochta, méadú táirgiúlachta agus acmhainneacht fáis gheilleagar na Sualainne.

(27) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta sa tSualainn. Tá éileamh ard ar innealtóirí agus ar speisialtóirí maidir leis an aistriú glas go háirithe i dtuaisceart na tíre. Dá bhrí sin, maidir leis na córais oideachais agus oiliúna atá ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair agus bearta spriocdhírithe uas-scilithe agus athscilithe, tá sé ríthábhachtach a n-ábharthacht don mhargadh saothair a fheabhsú a thuilleadh chun ganntanais scileanna a laghdú agus chun cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair a chur chun cinn.

(28) Tá leibhéil arda fiachais phríobháidigh agus praghsanna maoine ar cuireadh luach ró-ard uirthi ina míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gcónaí agus tá siad fós i mbaol leachtú mí-ordúil. Tá praghsanna tithe fós ard, agus tá ganntanais soláthair fós ann toisc go bhfuil tógáil tithe nua fós faoi bhun an éilimh a thuartar. Tá an ganntanas sin nasctha le neamhéifeachtúlachtaí struchtúracha, ar nós iomaíochta teoranta san earnáil tógála mar thoradh ar bhacainní iontrála ar ghnólachtaí beaga agus gnólachtaí eachtracha agus ar an gcumhacht atá ag forbróirí móra acmhainní talún a rialú. Tá an t-ualach cánach foriomlán ar mhaoin sách íseal i gcónaí mar gheall ar asbhaintí cánach flaithiúla ar íocaíochtaí úis morgáiste agus cánacha íseal tráthrialta maoine. Is deacair tionchar na n-athruithe beartais ar íocaíochtaí morgáiste iarchánach a mheas mar gheall ar easpa sonraí teaghlaigh aonair maidir le sócmhainní agus dliteanais. D'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta i ndearadh beartais a bheith mar thoradh ar infhaighteacht sonraí den sórt sin, rud a d'fhéadfadh an bhacainn iontrála ar an margadh tithíochta a ísliú agus ualaí tithíochta a roinnt ar bhealach níos cothroime i measc an phobail. Is beag rogha eile atá ar fáil sa mhargadh cíosa agus is gá athchóiriú a dhéanamh air fós chun liostaí feithimh a laghdú agus chun tógáil cóiríochta ar chíos a chur chun cinn. Dá scaoilfí an beartas macrastuamachta, dá laghad a scaoilfí é, sula ndéanfaí athchóirithe chun dul i ngleic le mífheidhmiú reatha sa mhargadh, d'fhéadfadh praghsanna tithe níos airde a bheith mar thoradh air agus fiachas teaghlaigh á mhéadú an tráth céanna.

(29) Leis na beartais atá aici faoi láthair, níl an tSualainn ar an gconair cheart chun a spriocanna 2030 ón Aontas a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tháinig méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2024 agus tugtar le fios le roinnt staidéar ó chomhlachtaí oifigiúla agus neamhspleácha go mbeidh easnamh suntasach i spriocanna aeráide 2030 an Aontais mar thoradh ar bheartais reatha na Sualainne. Go háirithe, léiríonn an t-easnamh sin athruithe beartais a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear oibleagáidí níos ísle maidir le bithbhreoslaí a chumasc agus cánacha laghdaithe ar bhreoslaí leachtacha, athruithe a d'fhág go raibh méadú ar

astaíochtaí ó iompar ar bóthar, príomhfhoinse na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó breoslaí iontaise sa tSualainn.

(30) Cé gurb í an tSualainn fós an Ballstát ag a bhfuil an sciar is airde fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ina tomhaltas fuinnimh deiridh, d'fhéadfadh srianta ar thoilleadh agus tarchur na heangaí cumhachta a bheith ina mbac le foinsí fuinnimh in-athnuaite breise a chur in úsáid. Tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur leis na srianta sin, toisc go bhfuil coinne le hardú suntasach ar thomhaltas leictreachais deiridh na Sualainne sa tréimhse go dtí 2045, mar thoradh ar riachtanais leictrithe mhéadaithe na tionsclaíochta agus an iompair. Le rochtain a fheabhsú ar acmhainneacht neamhshaothraithe na Sualainne maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, d'fhéadfaí tacú leis an leictriú tionscal atá ar siúl i nDeisceart na Sualainne faoi láthair, agus leis na forbairtí nuálacha sa tionsclaíocht ghlas agus leis an dícharbónú sa tuaisceart. Ina theannta sin, tá sé bunriachtanach tomhaltas fuinnimh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun chuidiú le hastaíochtaí carbóin a laghdú agus costais fuinnimh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí a rialú. Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, i bhfianaise chonair an tomhaltais fuinnimh, tá an baol ann nach mbainfidh an tSualainn amach an sprioc náisiúnta atá aici éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Le tomhaltas fuinnimh príomhúil thar 41 Mtoe in 2023, tá an tSualainn fós i measc na mBallstát ag a bhfuil an tomhaltas fuinnimh is airde per capita.

(31) Tá roinnt bacainní fós ann ar acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite na tíre a mhéadú. Tá ceadú dothuartha le haghaidh cumhacht ghaoithe amach ón gcósta agus cumhacht ghaoithe ar tír ar cheann de na bacainní sin. Mar thoradh ar bacainní a eascraíonn as nósanna imeachta ceadaithe nach bhfuil éifeachtúil agus cearta crosta na mbardas agus na n-údarás cosanta, i measc cúinsí eile, cruthaítear neamhchinnteacht infheistíochta agus cuirtear bac ar shaothrú na hacmhainneachta a chuirtear ar fáil le foinsí in-athnuaite fuinnimh.

(32) Moltaí arna ndéanamh faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, i bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus na gconclúidí uaidh maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, atá i moladh (5). Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (5) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann leis an margadh réadmhaoine agus le fiachas príobháideach ard.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSualainn in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta a threisiú i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, mar shampla na deiseanna a chuirtear ar fáil le InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, chun cur leis an iomaíochas.

3. Áirithiú go mbainfear amach na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí astaíochtaí a laghdú, go háirithe iad siúd a eascraíonn as iompar ar bóthar. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, trí líonraí tarchurtha fuinnimh a leathnú agus a uasghrádú, agus trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, cuir i gcás. Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe agus iad a chuíchóiriú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid, go háirithe i gcás fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh gaoithe ar talamh, agus cúlú faofa ceadaithe a sheachaint

4. Torthaí oideachais a fheabhsú, do dhaltaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach, cuir i gcás, trí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas leanúnach múinteoirí cáilithe, trí dheiseanna rochtana comhionanna a áirithiú sa chóras scolaíochta agus trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil chun go mbeidh scoláirí in ann aistriú chuig an oideachas meánscoile sinsearach. Scileanna an lucht saothair a fhorbairt, go háirithe daoine ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach, trí bhearta beartais agus acmhainní spriocdhírithe, d'fhonn cuidiú leo agus iad ag imeascadh i margadh an tsaothair.

5. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta, trí athchóirithe a thabhairt isteach ar an margadh cíosa, cuir i gcás. Infheistíocht a spreagadh san earnáil tógála cónaithe chun na ganntanais is práinní a mhaolú. Bacainní struchtúracha a tharraingt siar chun tógáil chónaithe a éascú. Dul i ngleic le rioscaí a bhaineann le fiachas teaghlaigh ard trí in-asbhainteacht chánach na n-íocaíochtaí úis ar mhorgáistí a laghdú de réir a chéile nó trí chánacha athfhillteacha ar mhaoin a mhéadú, agus an tráth céanna, uirlisí iomchuí a fhorbairt chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar bheartais agus chun iad a dhíriú ar bhealach níos fearr. Bearta macrastuamachta a choinneáil ar bun.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán